

# SGÉAL FAOI FHEAR MHUIGHINSE

Chuaidh fear as Muighinse atá sgathamh maith blianta ó shoin, chuaidh sé go Cathair na Mart ag ceannacht ughdar seoil báid. Ní raibh cár ná tréain aige a dhul ann ach é ag siubhal dá chos.

Trathnóna an lae ar fhág sé an baile casadh fear dubh dó ar an mbealach agus é féin ag dul go Cathair na Mart agus seard a bhí ann, máirnéalach a bhí i soitheach, agus raiceáileadh í le droch aimsir isteach ar an taobh ó thuaidh d'Árann. Bhí an fear dubh seo, bhí sé ag tigheacht go Cathair na Mart agus bhí sé féin agus fear Mhuighinse inéinfeacht agus iad ag teacht isteach go Cathair na Mart. Ní balach a bhí said tagtha ann nó go dtáinig an oidhche ortha agus chuadar ins an gcéad teach a casadh dhóibh agus nuair a tháinigeadar isteach ní raibh aon duine le feicéal acab ins an teach agus bhí pota fataí ar thaobh de'n teallach agus pota feola leagtha ar an taobh eile dhe. Ní dhearna an fear dubh nuair nach bhfaca sé aon duine ann ach cuid de na fataí a leagan thuas ar an mbord agus dhá phláta de'n fheoil a thóigéail, pláta dhó fhéin agus pláta do fhear Mhuighinse.

Nuair a bhí a ndóthain de na fataí agus den fheoil ithte acab, bhreathnuigh an fear dubh i seomra a bhí ann. Bhí leaba ann agus dubhairt sé le fear Mhuighinse go raibh sé chomh maith dó dul a chodladh, go raibh sé fhéin tuirseach agus go raibh siad le dhul chun siubhail aríst lár na bháireach. Chuaidh said a chodladh. Bhain an fear dubh dhe a chuid éadaigh agus níor bhain fear Mhuighinse éadach ar bith dhe. Bhí neart faitchíos ar fhear Mhuighinse agus bheadh tuilleadh air marach an fear dubh a bheadh i néinfeacht leis.

Bhí sgian mhór ag an bhfear dubh agus bhí sí ceangailte dhá léine aige. Sgaoil sé síos í le colbha na leaba. Ní raibh ann ach go raibh an fear dubh sínte sa leaba nuair a bhí sé ina chodladh agus is gearr an t-achar nó gur airigh fear Mhuighinse an chainnt agus an gleo timcheall an tighe agus cén caoi a mbeadh muinntir an tighe ach ag tigeacht le beithidhigh agus ghá gcur i bpionna a bhí goidte acab.

Sén sort dream a bhí i muintir an tighe, gadaidhthe agus nuair a bhí na beithidhigh curtha isteach acab, an chéad duine a tháinig isteach sa teach bhreathnuigh sé ar an bpota fataí agus ar an bpota feola agus chonnaic sé go raibh go leór ithte as gach aon ceann acabh agus ní raibh fhios aige cé ndeachaidh sé.

Bhreathnuigh sé sa seomra agus chonnaic sé an fear dubh ins an leabadh ina chodladh agus sgannruidh sé agus dubhairt sé leis an mhuinntir eile go raibh an diabhal sa leabaidh agus rith an t-iomlán acab agus níor thaobhuigheadar an teach ní ba mhú an oidhche sin le teann a raibh dhe fhaitchíos ortha.

Nuair a d'éirigh an fear dubh agus fear Mhuighinse ar maidin lá r na bháireach d'itheadar an chuid eile de'n phota fataí agus de'n fheoil agus nuair a bhí sin déanta acab chuadar isteach go dtí baile mór Chathair na Mart. Chuaidh an fear dubh, chuaidh sé go dtí an dug agus fuair sé áit i soitheach eile ina mháirnéalach agus bhí sé féin agus fear Mhuighinse an-bhuidheach dá chéile nó gur sgaradar aríst le chéile. Chuaidh fear Mhuighinse agus cheannuigh sé adhbhar an t-seóil agus d'iomchair sé ar a dhruim é nó go dtáinig sé go Muighinis agus go ndearna sé seol dhó le cur ar a bhád. Ní raibh cár ná tréin aige ach an bealach a shiubhal ann agus as.

I gCárna 21/10/30

Bhí faitchíos ar dtúis air roimhe an bhfear dubh. Nuair a tháinig muintir an tighe isteach mharbhóchaidís é marach an fear dubh.

Uisge Ghlais an Fheadha  
Creannach na nDáracha  
Agus báirnigh na bFuiríún  
Siad is fearr

Glais an Fheadha i gCaiseal  
Na Dárucha idir Cheann Gulaim agus Cuan Chuigéil  
Na Fúirriún ag an Oileán Máisiúin idir Máisiúin agus Cruach na Carach  
Duileasg Cruach na Cara nó áit bó i mBior.